Pléascadh Alka-Seltzer

Coincheap—Fuinneamh ceimiceach a scaoileadh saor

NASC LEIS AN gCURACLAM:
Curaclam Eolaíochta – Fuinneamh agus Fórsaí

Turgnamh

Beidh gá agat le:
- Gabhdán scannáin
- Táibléad Alka-Seltzer
- Blue Tack

1. Bain úsáid as an blue tack, chun an Alka-Seltzer a ghreamú ar an taobh istigh de chlúdach an ghabhdáin scannáin.
2. Líon an gabhdán le huisce go dtí go bhfuil sé leathlán.
3. Cuir an clúdach air.
4. Creath go maith an gabhdán agus iompaigh é bun os cionn (an clúdach thíos) ar an talamh.
5. Seas siar!

Imoibríonn an t-uisce leis an táibléad, á chur ag sioscadh (scaoileann sé an fuinneamh ceimiceach) agus líonann an gás an gabhdán scannáin. Glacann gáis an-chuid spáis agus mar sin ní fada go mbeidh an gabhdán róbheag leis an ngás a choimeád - brúchtfaidh an gás agus séidfear an clúdach den ghabhdán.